ELeathanach219

Dé Luain 7 Nollaig 2015

Facebook

Cuimhneoidh Mark Zuckerberg an 1 Nollaig go maith feasta. Bhí iníon ag a bhean chéile, Priscilla. Max is ainm don iníon.

Ina dhiaidh sin gheall CEO Facebook go dtabharfaidh sé 99% stoc Facebook do charthanachtaí a chabhraíonn le cúrsaí oideachais, sláinte agus seirbhísí idirlín. Is fiú $45 billiún é Facebook.

XFactor

Bhí X Factor ar siúl arís thar an deireadh seachtaine. Bhí Lionel Richie ag cabhrú leis na hamhránaithe éagsúla. Chan Sia agus Jason Derulo ar an gclár freisin! Beidh an chraobh ar siúl an tseachtain seo chugainn.

Ní bhfuair Lauren Murray agus Che Chesterman go leor vótaí agus bhí orthu canadh arís. D'fhág Lauren Murray an clár. Beidh Che Chesterman, Louisa Johnson agus Reggie and Bollie ag canadh sa chraobh an tseachtain seo chugainn. Go n-éirí libh go léir!

Daoine speisialta na bliana 2015

Bhí ócáid mhór ar siúl oíche Shathairn ag comóradh daoine speisialta na bliana 2015. Fuair Paul O'Connell an gradam spóirt.

Fuair Aoibheann Mangan (8 mbliana d'aois) agus Pádraic Godwin (9 mbliana d'aois) gradam as suíomh idirlín a bhunaigh siad. Cabhraíonn an suíomh seo le sábháilteacht ar fheirmeacha do pháistí. www.farmsafety4kids.net

Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir ar chósta an Iarthair.

Stoirm Desmond

Bhuail stoirm láidir oileán na hÉireann ag an deireadh seachtaine. Bhí stádas dearg curtha amach ag Met Éireann; an rabhadh is láidre ag moladh do dhaoine gan dul amach mar go raibh sé ródhainséarach.

Bhí an ghaoth an-láidir ag séideadh ar chósta an iarthair go háirithe agus thit báisteach throm sa deisceart. Bhí tuilte móra i gCorcaigh agus i nGaillimh nuair a bhris na haibhneacha a mbruacha. Bhí 1700 teach fágtha gan leictreachas freisin.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

ROINN FROEBEL DON BHUN- AGUS LUATH- OIDEACHAS OÉMN, OLLSCOIL NA HÉIREANN, I GCOMHPHÁIRT LEIS AN IDIRBHLIAIN, COLÁISTE ALEXANDRA, BÁC 6.

European Language Label

NUI MAYNOOTH